Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# Eolaí Feidhmiúcháin

# Eolas d'Iarratasóirí

## Samhain, 2024

## 1. An Post

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus taithí ábhartha acu faoi choinne post mar Eolaí Feidhmiúcháin

Tá sé i gceist ag an Chomhairle painéal d'iarrthóirí cáilithe a chruthú don phost mar Eolaí Feidhmiúcháin óna líonfaidh sé folúntais don post de réir mar a thiocfaidh na folúntais sin chun cinn.

Tá athrú suntasach ar siúl i gcúrsaí rialtas áitiúil faoi láthair. Is é an toradh a bheidh air seo, laghduithe san ualach oibre i réimsí áirthe, méaduithe i réimsí eile agus beidh gá le coigeartú i leithdháileadh acmhainní lena chinntiú go bhfreastalófar ar thosaíochtaí atá ag athrú i ngach cuid den eagras.

Baineann an Leabhrán Eolais seo le painéal a chruthófar ag leibhéal Eolaí Feidhmiúcháin d'fholúntas a d'fhéadfadh teacht aníos sa tSaotharlann Láir. Is sa Stiúrthóireacht Uisce agus Chomhshaoil atá na poist bhainteacha agus beidh siad lonnaithe sa tSaotharlann Láir ag Bóthar an Iarnróid i Srath an Urláir.

## 2. Róil, Dualgais & Freagrachtaí

Is ó fheidhmeanna comhshaoil agus seirbhíse (uisce, aer, torann), a fhéadann athrú le caitheamh ama, a shannfar dualgais an Eolaí Feidhmiúcháin. Faoi láthair, áirítear orthu na nithe seo a leanas:

- Forfheidhmiú Rialacháin Chomhshaoil i leith uisce, aeir agus torainn faoi mar atá imlínithe i bPlean RMCEI
- Cosaint uiscí nádúrtha faoin Chreat-Treoir Uisce agus na hAchtanna Thruailliú Uisce
- Clár cigireachtaí feirme a chur i ngníomh agus a maoiriseacht a dhéanamh orthu faoi Rialacháin (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) an Aontais Eorpaigh
- Rialáil Cáilíocht Uisce Óil Príobháideach
- Fiosrúcháin, iniúchtaí agus ullmhú tuarascálacha
- Forfheidhmiú Torainn agus Aeir – Rialacháin Péinteanna *Deco*, Tuaslagóirí, Gala Peitriliam
- Fiosrú Teagmhas agus Gearán a bhaineann le hUisce, Aer agus Torann
- Gníomhartha Forfheidhmiúcháin agus Ionchúisimh
- Athbhreithniú Iarratais Phleanála agus Tuarascálacha Comhlíonta Pleanála

**PRÍOMHDHUALGAIS**

- Bainistiú fhoireann theicniúil na Saotharlainne, lena n-áirítear oiliúint, buiséid, sláinte agus sábháilteacht, measúnuithe foirne (PDP/PMD.
- Tiomsú, bainistiú agus tuairisciú Phlean RMCEI na Comhairle, a chumhdóidh na cláir riachtanacha chigireachta agus mhonatóireachta le ceanglais reachtaíocht Náisiúnta a chomhlíonadh (Acht Truailliú Uisce, Acht Seirbhísí Uisce), Creat-Treoir um Uisce, Rialacháin Uisce Óil Príobháideach, Plean Cigireachta Náisiúnta (PCN) Fuíolluisce Tí, Plean Cigireacht Talmhaíochta Náisiúnta (PCTN), Rialacháin Uisce Snámha agus Rialacháin eile de réir mar a thagann siad aníos.
- Soláthar earraí, seirbhísí agus oibreacha.
- Scríobh tuarascálacha eolaíochta agus ullmhú sonraí faoi choinne tuarascálacha bliantúla comhshaoil agus tuairisceáin chuig an GCC, freastal ar ghnáthchruinnithe agus idirchaidreamh le stiúrthóireachtaí eile, Uisce Eireann, FSS, GCC, LAWPRO, ASSAP, Teagasc, RTBM, an Tionscnamh Inbhuanaitheacht Déiríochta, RTRÁO agus páirtithe leasmhara eile de réir mar is gá.
- Caidreamh a bhunú le feirmeoirí le rioscaí i leith cáilíocht uisce a eascraíonn as a n-oibríochtaí feirmeoireachta a aithint agus a bhainistiú, agus imeachtaí áitiúla scaipthe eolais ar nós siúlóidí feirme, cruinnithe agus aschuir mheáin a eagrú/ sheachadadh/tacú leo.
- Iarratais a phróiseáil, ceadúnais chomhshaoil de chuid na Comhairle a eisiúint agus a rialáil, msh – Ceadúnais Rannóg 4, Péinteanna Deco, Gala Peitriliam agus Teastais Chomhlíonta, Tuaslagóirí.
- Fiosrú, measúnú riosca, tuairisciú, forfheidhmiú agus clabhsúr gearáin chomhshaoil agus cigireachtaí dabhach shéarachais a bhainistiú.
- Dul i mbun cigireachtaí comhshaoil, lena n-áirítear monatóireacht agus tuairisciú, le tuarascálacha tras-chomhlíonta a eisiúint, cionta comhshaoil a fhiosrú agus a chúiseamh, lena n-áirítear ullmhú cásanna agus fianaise shaineolaí a thabhairt sa chúirt, más gá.
- Freastal ar agus tuairisciú le cruinnithe Comhairle, Coiste Ceantair, MD agus SPC de réir mar is gá.
- Bheith ina n-ionadaí de chuid na Comhairle ar ghréasáin áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.
- Coinneáil ar an eolas maidir le reachtaíocht agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.
- Gnéithe comhshaoil iarratais phleanála a mheas agus tuairisciú orthu.
- Gníomhú ar son oifigeach dár grád níos airde nuair a bhíonn siad as láthair.
- Dul i mbun dualgais eile a bhféadfadh an tÚdarás Áitiúil a shannadh don phost ó am go chéile lena n-áireofar ionadaíocht a dhéanamh thar ceann fostaithe eile de chuid an Údaráis Áitiúil, nuair is gá, agus dualgais eile a bhféadfaí a shannadh dó/di agus a bhaineann le limistéar aon Údarás Áitiúil eile.

## 3. Cáilíochtaí & Riachtanais an Phoist

Tá fógartha ag an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil go leagfar amach na cáilíochtaí i leith phost an Eolaí Feidhmiúcháin mar atá thíos:

**(a) Carachtar:**
Beidh dea-cháil ar na hIarratasóirí.

**(b) Sláinte**
Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil.

Beidh ar iarratasóirí ar éirigh leo sa phróiseas earcaíochta dul faoi scrúdú leighis a dhéanfaidh Comhairleoir Sláinte Ceirde na Comhairle roimh cheapachán.

**(c) Oideachas, Oiliúint, Taithí, Srl.**

Ní mór do gach iarratasóir, ar an dáta is moille faoi choinne foirmeacha iarratais comhlánaithe -

a) Céim Onóracha (Leibhéal 8 sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) san Eolaíocht a bheith acu
b) Taithí shásúil cúig bliana ar a laghad a bheith acu ar obair eolaíochta; agus
c) Ardchaighdeán oiliúna agus taithí theicniúil a bheith acu

**(d) Scileanna Inmhianaithe**

B’inmhianaithe cáilíocht chéime (céim leibhéal 7/8 nó níos airde) a bheith acu san Eolaíocht, agus an cheimic nó an mhicribhitheolaíocht mar chroí-ábhar, nó san Eolaíocht Talmhaíochta.

**(e) Croí-Inniúlachtaí**
Lena chois sin, beifear ag dúil go mbeidh sí/sé rannpháirteach i ngach gné d’obair na rannóige ina bhfuil siad lonnaithe agus na tréithe seo a leanas a bheith acu:

- Cumas láidir ábhartha teicniúil;
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth;
- Ciall láidir d’úinéireacht a gcuid oibre agus aird ar mhionsonraí;
- Scileanna bainistíocht daoine;

- Bheith in ann a bheith ag obair chomh maith céanna mar bhall foirne nó ar a gconlán féin;
- Tiomantas don leas poiblí;
- Scileanna a bheadh ina gcuidiú le próifíl agus feasacht a ardú maidir le saincheisteanna cáilíocht uisce trí na meáin agus in áiteanna eile trí agallaimh raidió/teilifíse, preasráitis/ailt, meáin leictreonacha agus cainteanna.
- Eolas maith oibre ar an phróiseas reachtúil toilithe (Measúnacht chuí, Measúnacht Chomhshaoil, Pleanáil srl.);
- Eolas maith ar an Chóras Bainistíochta S agus S agus cuidiú lena fhorbairt ar bhonn leanúnach.

Taispeántar Croí-Inniúlachtaí an phoist sa tábla thíos agus beifear ag dúil go léireoidh iarratasóirí go leor fianaise ina bhfoirm iarratais agus ag an agallamh faoi gach inniúlacht acu.

| | |
|---|---|
| **Bainistíocht agus Athrú** | **Feasacht Pholaitiúil** – Tuiscint shoiléir ar an réadúlacht pholaitiúil agus comhthéacs an údaráis áitiúil.<br><br>**Eolas agus Taithí** – Léiríonn an t-eolas, tuiscint, oiliúint agus taithí atá riachtanach don ról. Coinníonn ar an eolas le forbairtí, treochtaí agus dea-chleachtas reatha ina réimse freagrachta.<br><br>**Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine ar an Láthair Oibre** – Cuireann i bhfeidhm go hiomlán córais shábháilte oibre de réir Ráiteas Sábháilteachta Chorparáideach a réimse oibre. |
| **Torthaí a Sheachadadh** | **Réiteach Fadhbanna agus Cinnteoireacht** – is féidir díriú ar an eolas is tábhachtaí agus is féidir tabhairt faoi cheisteanna go loighciúil. Gníomhaíonn go deimhneach agus déanann cinntí tráthúla, éifeachtacha atá bunaithe ar eolas.<br><br>**Pleanáil Oibríochtúil** – ionchur i bpleananna oibríochta agus forbraíonn pleananna foirne le tosaíochtaí agus bearta óna réimse oibríochta, agus aird ar spriocanna corparáideacha, cuspóirí oibríochta, acmhainní atá ar fáil. Cuireann bonn faoi sheirbhís ardcháilíochta agus ardchaighdeán cúraim do chustaiméir. Eagraíonn cláir oibre agus cuireann réitigh i bhfeidhm. |

| | |
|---|---|
| | **Bainistiú Acmhainní agus Bearta Éifeachtúlachta a Ghnóthú** – Bainistíonn leithdháileadh, úsáid agus measúnacht acmhainní lena chinntiú go n-úsáidtear go héifeachtach iad le pleananna oibríochta a sheachadadh. Tiomáineann agus cuireann chun cinn laghduithe ar chostais agus íoslaghduithe dramhaíola.<br><br>**Comhlíonadh a chinntiú** – Comhlíonann an dlí, reachtaíocht agus polasaithe agus nósanna imeachta a théann i bhfeidhm ar fhostaíocht agus comhlíonadh dualgas.<br><br>**Torthaí Ardchaighdeáin a Sheachadadh** – Cuireann chun cinn gnóthú torthaí ardchaighdeáin sa seachadadh seirbhísí, atá nasctha le tosaíochtaí corparáideacha, agus fócas ar fheabhsúchán leanúnach. Measúnaíonn na torthaí a gnóthaíodh i leith pleananna oibríochtúla, aithníonn foghlaim agus cuireann i bhfeidhm feabhsúcháin riachtanacha. |
| **Feidhmíocht trí Dhaoine** | **Ceannaireacht agus Spreagadh** – Téann i gceannas, spreagann agus bíonn i dteagmháil le daoine eile le torthaí ardchaighdeáin a ghnóthú.<br><br>**Feidhmíocht a Bhainistiú** – Spreagann agus cuireann ar chumas daoine a gcuid féin den phlean oibríochta a sheachadadh, réitíonn coimhlint nuair is gá.<br><br>**Cumarsáid Éifeachtach** – Scileanna éifeachtacha cumarsáide acu, idir labhartha agus scríofa. Dea-scileanna idirphearsanta acu. |
| **Éifeachtacht Phearsanta** | **Acmhainneacht agus Folláine Phearsanta** – Fanann socair agus iad faoi bhrú agus féadann ceisteanna pearsanta a scaradh ó cheisteanna oibre. Bainistíonn am agus ualach oibre go héifeachtach. Cuireann a luach ar fholláine baill foirne agus daoine eile trí leibhéil struis agus cothromaíocht oibre agus saoil a bhainistiú.<br><br>**Ionracas agus Luachanna na Seirbhíse Poiblí** – Ionraic agus iontaofa i ngach gné.<br><br>**Tiomantas agus Tionscnaíocht Phearsanta** – Díograiseach faoin ról agus tiomanta nuair is gá plé le deacrachtaí agus constaicí. Déanann níos mó ná mar is gá nó lena bhfuiltear ag dúil, tagann roimh fhadhbanna agus gníomhaíonn roimh ré lena sárú. |

## 4. Mionsonraí an Phoist

**(a) Ginearálta**
Tá beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iarrasóirí cáilithe a chruthú faoi choinne post mar Eolaí Feidhmiúcháin as a líonfaidh sé aon fholúntais a thiocfadh chun cinn.

**(b) Promhadh**
Beidh na hiarratasóirí a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse ama, a shocróidh an Chomhairle. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an tréimhse seo a shíneadh, cinneadh a bheas faoi rogha na Comhairle.

**(c) Luach Saothair**
Is é seo an páscála náisiúnta bliantúil reatha: íosmhéid de €57,909 (pointe 1) go dtí uasmhéid de €80,498. (LSI 2) (de réir chiorclán EL 03/2024).

Íocfar na daoine a cheapfar ag an phointe chuí ar an scála tuarastail atá ag teacht le Ciorclán na Roinne.

Tosóidh iontrálaithe úra ag an íosphointe ar an scála.

**(d) Bunáit**

An tSaotharlann Láir ag Bóthar an Iarnróid i Srath an Urláir bunáit an phoist nó aon ionad eile a shocraíonn an Chomhairle.

**(e) Cónaí**
Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

**(f) Uaireanta Oibre** / **Saoire Bhliantúil**
35 uair an chlog sa tseachtain na gnáthuaireanta oibre a bheidh ag an té a cheapfar. Beidh sé de cheart ag an Chomhairle na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile.

Beidh liúntas saoire bhliantúla de réir chiorclán LG(P) 07/2011.

**(g) Riachtanas Tiomána**
Is gá d'iarratasóirí:

- Ceadúnas Tiomána chatagóir B iomlán a bheith acu.
- A bhfeithicil féin a bheith acu atá ar fáil lena húsáid agus iad i mbun a gcuid dualgas agus cumhdófar na costais bhainteacha trí na liúntais chuí.

**(h) Coinbhleachtaí Leasa**
Ní ghabhfaidh sealbhóir an phoist d'aon slí bheatha shochrach, seachas mar fhostaí de chuid údarás áitiúil, a mhéid a dhéanfadh dochar do chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas mar fhostaí d'údarás áitiúil nó d'aon slí bheatha a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le leasanna an údaráis áitiúil nó a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le comhlíonadh a dhualgas mar fhostaí de chuid údaráis áitiúil.

**(i) Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**
Tá iarratasóirí do phost an Eolaí Feidhmiúcháin faoi réir Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Roimh cheapadh, is gá go n-eireoidh le hiarratasóirí próiseas Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a chur i gcrích.

## 5. Próiseas Earaíochta

### A. Foirm Iarratais

- Caithfear iarratais a chur isteach ar an fhoirm iarratais oifigiúil agus caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú.

- Ná cuir CV isteach le d'iarratas. Ní bhreithneofar ach ar an t-eolas ar an fhoirm iarratais, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.

- Caithfear iarratais a chur isteach mar iatán r-phoist amháin i bhformáid Word nó PDF chuig vacancies@donegalcoco.ie

- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta mar atá luaite ar an fhoirm iarratais.

- Ní dhéanfar aon iarratais atá mall, caillte nó a bhfuil moill leo, a mheas ach amháin más féidir fianaise oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn gur seoladh an t-iarratas laistigh den achar ama.

### B. Gearrliostú
Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus ar do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

Ná glactar leis gurb ionann duine a iontráil i gcomórtas nó cuireadh chun agallaimh a chur ar an duine sin agus a thabhairt le tuiscint go mbeadh Comhairle Contae Dhún na nGall sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an phoist.

**C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú - #ES 001**

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Mas mian le hiarratasóir ar bith é, is feidir leo iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar aon chinneadh nó at an phróiseas féin.

Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag lua an uimhir thagartha thuas, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall laistigh de chúig lá oibre ón dáta ar tugadh fógra faoi chinneadh ábhartha.

**D. Rúndacht**

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

**E. Eile**

Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is cuí.

**F. Cúis Dícháilithe í an Chanbhasáil**

Dícháileofar iarratasóir ar an toirt ón phróiseás earcaíochta a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé i bhfoirm cumarsáid scríofa nó eile.

**G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d'fhonn d'iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm, ina mbíonn cuid mhaith de na sonraí pearsanta mar atá luaite agat i d'fhoirm iarratais.
Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.
Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

Sa bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an chomórtais.
Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag: www.donegalcoco.ie